Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**9588/26**

**LIMITE**

**ENT 114**
**MI 515**
**POLCOM 184**
**COREE 3**

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le haghaidh comhaontú idir an tAontas agus Poblacht na Cóiré maidir le haitheantas frithpháirteach i ndáil le measúnuithe comhréireachta, deimhnithe comhréireachta agus marcálacha comhréireachta |

**CINNEADH (AE) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le haghaidh comhaontú idir an tAontas agus Poblacht na Cóiré maidir le haitheantas frithpháirteach i ndáil le measúnuithe comhréireachta, deimhnithe comhréireachta agus marcálacha comhréireachta**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(3) agus (4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bhrí gur cheart tús a chur le caibidlíocht d'fhonn comhaontú a thabhairt i gcrích idir an tAontas agus Poblacht na Cóiré maidir le haitheantas frithpháirteach i ndáil le measúnuithe comhréireachta, deimhnithe comhréireachta agus marcálacha comhréireachta,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Leis seo, údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le comhaontú idirnáisiúnta idir an tAontas agus Poblacht na Cóiré maidir le haitheantas frithpháirteach i ndáil le measúnuithe comhréireachta, deimhnithe comhréireachta agus marcálacha comhréireachta.

PUBLIC

*Airteagal 2*

Leis seo, déantar an Coimisiún a ainmniú mar idirbheartaí an Aontais.

*Airteagal 3*

Leis seo, dírítear na treoracha caibidlíochta a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo chuig an gCoimisiún.

*Airteagal 4*

1. Seolfar an chaibidlíocht i gcomhairle leis an gCoiste Speisialta um Chomhchuibhiú Teicniúil na Comhairle ag gníomhú dó mar choiste speisialta dá bhforáiltear in Airteagal 207(3), an tríú fomhír, den Chonradh.

2. Tuairisceoidh an Coimisiún don Chomhairle maidir le seoladh, dul chun cinn agus toradh na caibidlíochta ar bhonn rialta agus aon uair a iarrfaidh an Chomhairle air, agus cuirfidh sé na doiciméid ábhartha ar aghaidh chuici a luaithe is féidir chun go mbeidh tréimhse ama réasúnta ag comhaltaí de chuid na Comhairle chun iad féin a ullmhú i gceart le haghaidh na caibidlíochta.

3. I gcás inarb iomchuí, nó arna iarraidh sin don Chomhairle, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil i scríbhinn ar fáil.

*Airteagal 5*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC